# Eolas ar Bhratacha 1

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2-T, línte agus uillinneacha<br>Uimhreas - codáin<br>Tomhais - achar<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | comhthreomhar, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, fiarlíne, ingearach le chéile, línte siméadrachta, triantán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán, rialta, neamhrialta, peinteagán, Léaráid Carroll, Léaráid Venn, crann cinnteoireachta, cosúil, difriúil, an ceann corr, rannta, codanna, achar, imlíne |
| **Áiseanna** | atlas, léarscáileanna, inneall cuardaigh ar líne, rialóir, léaráidí sórtála, íomhánna de bhratacha |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin roinnt bratach éagsúil do na daltaí, mar shampla bratacha contae, bratacha ó thíortha san Eoraip, bratacha ó gach cearn den domhan. Iarr ar na daltaí na bratacha a shainaithint. Is féidir atlais nó inneall cuardaigh ar líne a úsáid chun bratacha coimhthíocha a shainaithint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair bratach do gach dalta. I mbeirteanna, iarr ar na daltaí na cosúlachtaí agus difríochtaí a bhaineanna lena mbratacha a fhiosrú. Is féidir leo a bheith bainteach le cineálacha difriúla línte, cruthanna, uillinneacha srl. atá le feiceáil ar na bratacha. D'fhéadfadh siad díriú ar chodanna difriúla den bhratach nó ar chodán na mbratacha atá clúdaithe ag dath ar leith. Is féidir leo a dtuairimí a roinnt leis an gcuid eile den rang más ga.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeánann an múinteoir trí bhratach dhifriúla agus iarrann sé ar na daltaí an ceann corr a shainaithint, ní mór do na daltaí údar a thabhairt lena bhfreagra. Má tá míniú matamaiticiúla ag baint leis an bhfreagra, tá sé ceart. D'fhéadfaí freagraí féideartha díriú ar dhath, cruth, líne, siméadracht, uillinneacha, rannta ar an mbratach, achar clúdaithe ag dath nó cruth faoi leith ar bhratach.

### 4 Gníomhaíocht 4

Agus íomhánna priontáilte de na bratacha in úsáid, lig do na daltaí roinnt bratach a shórtáil, roghnóidh siad a gcuid critéar agus léaráid féin (Carroll, Venn, crann cinnteoireachta).


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna difriúla is féidir leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cad iad na línte is féidir leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cad iad na huillinneacha is féidir leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cén codán den bhratach atá bán, gorm srl.?<br>• Cé mhéad dronuillinn atá i do bhratach?<br>• An bhfuil na cruthanna ar fad i do bhratach rialta/neamhrialta? | • Cé acu bratach an ceann corr? Cén fáth?<br>• Conas a shórtáil tú do bhratacha?<br>• Conas a dhéanfá cur síos ar do bhratach?<br>• Conas atá do bhratach difriúil/cosúil le bratach do chomhpháirtí? |

## Difreáil

Socraigh bratacha nó líon na mbratach de réir shuim nó thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Bratacha












## Bratacha











## Bratacha









## Bratacha

